Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 12

# Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 12, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar phinsin, aoisliúntas, díobhálacha ceirde agus liúntais agus aiscí eile faoi na hAchtanna Aoisliúntas 1834 go 2004, agus reachtanna ilchineálacha eile; ar phinsin reachtúla bhreise, liúntais agus aiscí arna ndámhachtain ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; ar tháillí maidir le teistiméirí leighis agus táillí ócáideacha do dhochtúirí; ar chúiteamh agus íocaíochtaí eile maidir le díobhálacha pearsanta; ar tháillí leis an gComhairle Pinsean, agus ar tháillí gairmiúla eile agus ar íocaíochtaí ilghnéitheacha, i measc nithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €113.209 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe Chuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a ullmhú, réir mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas a ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta údaraithe agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse atá ann idir an roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don roinn seo.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a phleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

### *Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach*

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

### *Athbhreithniú ar éifeachtacht*

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar na daoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

### *Paindéim Covid-19*

Rinneadh measúnuithe ar thionchar phaindéim Covid-19 agus cuireadh bearta i bhfeidhm a fhágann gur féidir le gach ball foirne, beagnach, feidhmiú go hiomlán trí chianrochtain faoi dheireadh mhí an Mhárta 2020. Ar an mbealach sin laghdófaí an cailleadh táirgiúlachta saothair de bharr cur isteach a bhaineann le paindéim Covid-19.

De bharr na socruithe a bhfuil achoimre orthu thuas agus de bharr ardáin chomhroinnte TF a bheith ar fáil, bhí Vóta 12 ag obair ó chian ó dheireadh mhí an Mhárta 2020 i leith, agus ba bheag an tionchar a bhí ar an timpeallacht rialaithe airgeadais.

### *Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais*

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

24 Márta 2021

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Aoisliúntas agus Liúntais Scoir agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2021

# Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir
## Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Aoisliúntas agus liúntais scoir | 640,117 | 628,412 | 598,656 |
| | **Ollchaiteachas** | **640,117** | **628,412** | **598,656** |
| B | Leithreasaí-i-gcabhair | **264,600** | **366,104** | **337,680** |
| | **Glanchaiteachas** | **375,517** | **262,308** | **260,976** |

**Farasbarr**

Tá an farasbarr ar an tsuim atá curtha ar fáil os cionn na glansuime feidhmithe dlite le géilleadh don Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **113,209,239** | **110,322,479** |

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

24 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 628,140 | 598,419 |
| Pá | | — | — |
| Neamhphá | | 272 | 237 |
| **Ollchaiteachas** | | **628,412** | **598,656** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **366,104** | **337,680** |
| **Glanchaiteachas** | | **262,308** | **260,976** |
| | | | |
| **Caiteachas a bhaineann le réimsí eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 3,803 | 3,546 |
| **Glanchostas an chláir** | | **266,111** | **264,522** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is é atá i suim an glanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 12 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 | Airgeadas | 44 | 40 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 2,674 | 2,575 |
| An Príomh-Chiste | | 1,085 | 931 |
| | | **3,803** | **3,546** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.1 | 18,454 | 16,080 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.2 | 267 | 751 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **18,721** | **16,831** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.3 | 11,439 | 14,737 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.4 | 7,282 | 2,094 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **18,721** | **16,831** |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | — |
| **Glansócmhainní** | | — | — |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.5 | — | — |

## 2.1 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 17,755 | 16,052 |
| Iarmhéid cuntais bainc tráchtála | 699 | 28 |
| | **18,454** | **16,080** |

## 2.2 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Pinsin in-fhorchúitithe atá dlite ag ranna eile | 267 | 269 |
| An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) | | 482 |
| | **267** | **751** |

## 2.3 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 7,656 | 7,336 |
| Muirear Sóisialach Uilíoch | 1,258 | 1,264 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 141 | 138 |
| | 9,055 | 8,738 |
| Asbhaintí pinsin deonacha á gcoinneáil ar fionraí | 17 | 4,142 |
| Míreanna creidmheasa fionraí eile | 2,367 | 1,857 |
| | **11,439** | **14,737** |

## 2.4 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 113,209 | 110,322 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (105,927) | (108,228) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **7,282** | **2,094** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 18,454 | 16,080 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 267 | 751 |
| | 18,721 | 16,831 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (9,055) | (8,738) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (2,384) | (5,999) |
| | (11,439) | (14,737) |
| | **7,282** | **2,094** |

## 2.5 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | — | — |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 375,517 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (113,209) | | |
| Glanvóta | | | 262,308 | 260,976 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | | | 3,803 | 3,546 |
| Glanchostas an chláir | | | (266,111) | (264,522) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | — | — |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Clár A Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí | 466,144 | 456,298 | 429,927 |
| A.2 | Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 42,679 | 43,011 | 42,912 |
| A.3 | Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 325 | 253 | 303 |
| A.4 | Liúntais bhreise agus aiscí maidir le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe | 107,233 | 106,065 | 103,406 |
| A.5 | Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe | 22,500 | 21,883 | 21,297 |
| A.6 | Deontais díobhála agus táillí leighis | 387 | 328 | 375 |
| A.7 | Táillí a bhaineann le pinsin agus speansais eile | 394 | 272 | 237 |
| A.8 | Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 | 400 | 248 | 145 |
| A.9 | Dliteanais phinsin iarbhall seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht | 55 | 54 | 54 |
| | | **640,117** | **628,412** | **598,656** |

**Difríochtaí suntasacha**

San achoimre a leanas, tá na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000).

**A.7 Táillí a bhaineann le pinsean agus costais eile**

*Soláthar meastacháin €394,000; toradh €272,000*
D'fhan soláthar do tháillí dlí gan úsáid ag deireadh bliana 2020 agus, mar thoradh air sin, bhí toradh 2020 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

**A.8 Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha ,1997**
*Soláthar meastacháin €400,000; toradh: €248,000*
Foráiltear leis an acht seo gur féidir le daoine aonair a tháinig faoi dhliteanas i leith cáin ioncaim "farasbarr inmhuirearaithe" a roghnú aon fharasbarr inmhuirearaithe a aisíoc thar thréimhse iarscoir suas le 20 bliain, ach caithfidh an riarthóir pinsin an tsuim iomlán atá dlite a íoc leis an Ard-Bhailitheoir laistigh de 3 mhí ó scor an duine. I gcás go dtarlaíonn sé sin, taispeántar é mar mhuirear faoi fhotheideal A8.
Tharla an t-easnamh caiteachais €152,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin €400,000 mar gur fheidhmigh níos lú daoine ná mar a bhíothas ag súil leis a gceart chun muirear a chruthú don Vóta.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltas faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 (Uimh. 38 de 1993), maidir le dliteanas pinsin na mball foirne | 28,000 | 25,400 | 28,000 |
| 2 | Fáltais maidir le dliteanas pinsin na mball foirne ar iasacht, etc. | 1,300 | 1,009 | 933 |
| 3 | Ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí le haghaidh státseirbhíseach agus daoine eile | 18,200 | 17,055 | 17,239 |
| 4 | Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tionscnaíodh do státseirbhísigh bhunaithe a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis an dáta sin (Ciorclán 6/95) | 31,200 | 36,854 | 33,074 |
| 5 | Aisíocaíocht aiscí, etc. | 800 | 112 | 640 |
| 6 | Ceannach meas-seirbhíse | 5,000 | 6,405 | 5,244 |
| 7 | Ranníocaíochtaí scéime aonair | 180,000 | 279,269 | 252,550 |
| 8 | Ilghnéitheach | 100 | — | — |
| | **Iomlán** | **264,600** | **366,104** | **337,680** |

**Difríochtaí suntasacha**

San achoimre a leanas, tá na cúiseanna a bhaineann le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí €101.504 milliún sa bhreis sna leithreasaí-i-gcabhair ná an meastachán. Tá míniú ar na héagsúlachtaí leagtha amach thíos:

1. **Fáltais ón Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 (Uimh. 38 de 1993) maidir le dliteanas pinsin foirne**
   *Meastachán €28 milliún; réadaithe €25.4 milliún*
   Rinneadh athbhreithniú ar na fáltais a bhí dlite faoin reachtaíocht seo go gairid i ndiaidh na meastacháin a bheith críochnaithe. Ba é toradh an athbhreithnithe sin go raibh na fáltais a bhí dlite le laghdú go €25.4 milliún ó €28 milliún agus taisceadh na fáltais sin dá réir.

2. **Fáltais maidir le dliteanas pinsin na gcomhaltaí foirne ar iasacht, etc.**
   *Meastachán €1.3 milliún; réadaithe €1.009 milliún*
   Tharla an laghdú dar luach thart ar €300,000 mar gheall ar laghdú ar líon na mball foirne a bhí ar iasacht. Tá sé deacair líon na mball foirne ar iasacht a thuar ó bhliain go bliain.

3. **Ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí le haghaidh státseirbhíseach agus daoine eile**
   *Meastachán €18.2 milliún; réadaithe €17.055 milliún*
   Bhí an laghdú €1.1 milliún ann mar go raibh ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí do státseirbhísigh agus daoine eile níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Féadfaidh sé seo athrú ó bhliain go bliain.

4. **Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tionscnaíodh do státseirbhísigh bhunaithe a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis an dáta sin sin (Ciorclán 6/95)**
   *Meastachán €31.2 milliún; réadaithe €36.854 milliún*
   Bhí an méadú €5.7 milliún ann toisc gur measadh faoina luach leibhéal na bhfáltas ó chohórt státseirbhíseach a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis an dáta sin agus roimh an 1 Eanáir 2013 ar baill den scéim bhunaithe iad. Laghdóidh an líon sa chohórt seo de réir mar a théann daoine ar scor ach bíonn tionchar ar an leibhéal ranníocaíochtaí ag athruithe i leibhéil tuarastail an chohóirt sin, a d'fhéadfadh méadú i gcomhréir le dul chun cinn gairme.

5. **Aisíocaíocht aiscí, etc.**
   *Meastachán €800,000; réadaithe €112,000*
   Athraíonn an fotheideal seo bliain ar bhliain toisc go bhfuil sé ag brath ar státseirbhísigh a bheith ag aisíoc a gcuid aiscí. Mar thoradh air sin, féadann sé a bheith deacair an meastachán a thuar.

6. **Ceannach meas-seirbhíse**
   *Meastachán €5 mhilliún; réadaithe €6.405 milliún*
   Is faoi lánrogha na n-oifigeach atá ceannach meas-seirbhíse, agus mar sin, is deacair fáltais ar an bhfotheideal seo a thuar go beacht.

7. **Ranníocaíochtaí scéime aonair**
   *Meastachán €180 milliún; réadaithe €279.269 milliún*
   Léiríonn an tsuim a cuireadh i leith an Vóta maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair na ranníocaíochtaí a dhéanann gach seirbhíseach poiblí nua ar thosaigh a bhfostaíocht tar éis an 1 Eanáir 2013. Cé go ndéantar formhaoirseacht lárnach ar líon iomlán na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí, déantar líon na n-iontrálaithe nua, uainiú a bhfostaíochta agus an grád agus an leibhéal pá ar a mbíonn siad ag obair in earnálacha aonair in aon bhliain a bhainistiú sna hearnálacha sin agus is féidir leis athrú go mór. De bharr nádúr na bpróiseas earcaíochta agus scoir ar fud na seirbhíse poiblí, fanfaidh leibhéal éagsúlachta sna meastacháin i gcoinne na bhfáltas mar atá.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Foireann

Maidir le gach ball foirne a fhostaítear i riar agus íoc an aoisliúntais a ghearrtar ar an Vóta seo, íoctar iad ó Vóta 18 – Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte. Gearrtar costais na foirne atá ag tabhairt faoi cheapadh an bheartais aoisliúntais ar Vóta 11 – Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### 5.2 Pinsinéirí

Leagtar amach thíos de réir teidil an líon iomlán pinsinéirí atá i mbun íocaíochta ag deireadh na bliana.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| A.1 | Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí | 19,961 | 18,858 |
| A.2 | Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 2,986 | 2,940 |
| A.3 | Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 18 | 20 |
| A.5 | Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe | 4,438 | 4,546 |
| A.9 | Dliteanais phinsin iarbhall seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht | 3 | 3 |
| | | **27,406** | **26,367** |

### 5.3 Seirbhísí gníomhaireachta íocaíochta pinsin

Déanann an Roinn (Vóta 12) íocaíochtaí pinsin, ar bhonn gníomhaireachta, le hiarbhaill foirne de na comhlachtaí atá leagtha amach thíos.

| **Ainm an chomhlachta** | **Líon na bpinsinéirí** | **Oll-luach (in aghaidh na bliana) €milliún** |
|---|---|---|
| Pinsin Choiste Gairmoideachais/Institiúidí Teicneolaíochta/Bhord Oideachais agus Oiliúna | 11,689 | 299 |
| Pinsin FÁS/SOLAS | 1,554 | 30 |

Gearrtar na suimeanna a íoctar ar Vóta 26Oideachas agus ar Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde agus Eolaíocht.

## 5.4 Ró-íocaíochtaí pinsin

Ba é iarmhéid na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana ná €190,642 (48 gcás) (2019: €161,410 (37 gcás)), le pleananna forchúitithe i bhfeidhm dóibh go léir.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Laghdú pinsin

Foráiltear le hAcht na bPinsean (Laghdú), 1965, agus an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, go ndéantar pinsin na státseirbhíseach a choinnítear nó a athfhostaítear tar éis a ngnáthaoise scoir a laghdú de réir mar is gá lena chinntiú nach sáraíonn a bpá iomlán sa tréimhse coinnithe nó athfhostaithe an luach saothair a gheobhadh siad dá bhfanfadh siad sna poist a bhí acu ar an lá deiridh dá gcuid seirbhíse inríofa. Foráiltear leis an reachtaíocht freisin go bhféadfaí laghduithe dá leithéid a tharscaoileadh faoi rogha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

In 2020, laghdaíodh pinsin 17 státseirbhíseach scortha go hiomlán nó go páirteach. Ba é €91,828 an tsuim iomlán a laghdaíodh in 2020.